C/2025/6281

19.11.2025

Foilsiú iarratais ar fhormheas ar leasú ar leibhéal an Aontais ar shonraíocht táirge de bhun Airteagal 15(4) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(C/2025/6281)

Laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

IARRATAS AR FHORMHEAS AR LEASÚ AR LEIBHÉAL AN AONTAIS

‘Huşi’

PDO-RO-A1583-AM05

Dáta an iarratais: 17.10.2024

LEASÚ

Iarratasóir agus leas dlisteanach

1. *Cumann Táirgeoirí Fíonchaor agu FíonaAvereşti-Valea Lohan*

Cumann a dhéanann ionadaíocht ar tháirgeoirí faoi ATFC Huși

2. *Cumann Gairmiúil Fíonsaothraithe Vrancea-Pietroasa*

Cumann atá i mbun oibre ar fhíonghoirt faoi ATFC Huși agus a phróiseálann cion den táirgeadh a fhaightear faoi ATFC Huși.

Tuairisc agus cúiseanna leis an leasú

1. *Na catagóirí maidir le fíon súilíneach ar ardchaighdeán, fíon súilíneach aramatach ar ardchaighdeán, fíon leathshúilíneach a chur isteach*

Iarraimid go ndéanfar an tSonraíocht Táirge a fhorlíonadh le catagóirí nua fíona mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn VII, Cuid II, a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, is é sin: fíon súilíneach ar ardchaighdeán, fíon súilíneach aramatach ar ardchaighdeán agus fíon leathshúilíneach, ionas go bhféadfar na catagóirí fíona sin a tháirgeadh i limistéar críochaithe ATFC Huși ó fhíonchaora a bhaintear i limistéar críochaithe an ainmniúcháin sin.

Is eol go bhfástar fíniúnacha i bhfíonghoirt Huși sa réigiún seo sa Mholdóiv ón 15ú haois, nuair a cuireadh tús le fíonsaothrúchán a fhorbairt. Faoin 19ú haois, bhí scoil fíonsaothrúcháin bunaithe in Huși fiú. Bhí an institiúid sin ina cloch mhíle i saothrú fíniúnacha agus i dtáirgeadh fíona. Tháinig forbairt ar thraidisiún fíonsaothrúcháin Huși le himeacht ama, agus tháinig an limistéar chun bheith ina lárionad fíonsaothrúcháin tábhachtach i réigiún na Moldóive. Ó 1950 go 1960, rinneadh a cháil a dhaingniú a bhuí lena mhonarcha fíonóireachta, a bhfuil an acmhainneacht is fearr aici chun fíon a tháirgeadh. Is iad Busuioacă de Bohotin agus Zghihară de Huși na cineálacha aitheanta ó fhíniúnacha dúchasacha, a tharraing cáil ó thaobh fíona de ar limistéar Huși.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

Cuireadh tús le hinfheistíochtaí a dhéanamh in 2020 i limistéar Huși, i bhforbairt na hacmhainneachta próiseála ar sheanstruchtúir táirgthe, agus úsáid á baint as teicneolaíocht agus trealamh chun luach na gcineálacha fíniúna a fheabhsú (is é Busuioacă de Bohotin agus Zghihară de Huși na cinn is suntasaí) le haghaidh fíonta súilíneacha socra agus fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán araon, agus coinníodh agus nuachóiríodh na seanstruchtúir le haghaidh na gcatagóirí sprioctháirgthe (coimeádadh seansiléar ina raibh thart ar 100 000 buidéal seanfhíona).

Leagadh síos an leasú mar gheall ar an ngá atá le cosaint fheabhsaithe do limistéar Huși agus le húsáid níos fearr a bhaint as ATFC, agus béim á leagan ar acmhainneacht shonrach an limistéir, agus ar acmhainneacht roinnt cineálacha fíonóireachta a bheith ina bhfíonta súilíneacha ar ardchaighdeán.

Ina theannta sin, i gcás limistéar fíonsaothrúcháin na Moldóive, le 5 bliana anuas, tá spéis mhór ag fíonsaothraithe na Moldóive i dtáirgeadh fíona shúilínigh mar gheall go léiríonn cineálacha dúchasacha áirithe — Tămâioasă românească, Busuioacă de Bohotin, Frâncușă agus thar aon ní eile Fetească neagră — acmhainneacht aramatach atá éagsúlaithe thar fhíon socair, ós rud é go bhfuil na cineálacha sin níos léirithe i dtéarmaí cumhrachta agus datha le haghaidh línte táirgthe eile freisin.

Cuireadh ceanglais thipiciúla le haghaidh na gcatagóirí maidir le fíon súilíneach ar ardchaighdeán, fíon súilíneach aramatacha ar ardchaighdeán agus fíon leathshúilíneach leis na sonraíochtaí táirge le haghaidh na n-ainmniúchán tionscnaimh in aice láimhe, Cotnari agus ATFC Bohotin, atá mar chomhartha sóirt de réigiún na Moldóive i dtéarmaí na limistéar a shaothraítear agus na méideanna fíona a fhaightear. Mar thoradh air sin, tá méadú tagtha ar an líon táirgeoirí ar spéis leo na fíniúnacha comhfhreagracha a roghnú agus iad féin a fheistiú chun fíonta súilíneacha a phróiseáil. Taifeadadh méaduithe móra ar dhíolacháin, agus níos mó rannpháirtíochta i gcomórtais leis na cineálacha táirgí sin freisin, inar baineadh boinn amach.

D'fhéadfadh athbheochan leasa tomhaltóirí sna cineálacha Busuioacă de Bohotin (fíon rosé, dea-bholadh tipiciúil Muscat) agus Zghihară de Huși (fíon órbhuí, dea-bholadh bríomhar, bláthach) athbheochan a dhéanamh ar thraidisiún Huși maidir le fíonta súilíneacha a tháirgeadh. Tugadh isteach na trí chatagóir fíona sin (fíon súilíneach ar ardchaighdeán, fíon súilíneach aramatach ar ardchaighdeán, fíon leathshúilíneach) chun léiriú níos fearr a thabhairt ar an limistéar, ar na cineálacha Zghihară de Huși, Busuioacă de Bohotin, Tămâioasă românească agus Tramier roz, agus ar an ainmniúchán tionscnaimh freisin.

Leasaíodh Caibidlí I, II, II, IV, IX, XI agus XII den tsonraíocht táirge agus roinn 3 den doiciméad aonair.

2. *Faisnéis faoin nasc idir an limistéar geografach agus an táirge a thabhairt cothrom le dáta*

Chun catagóirí nua fíona a thabhairt isteach i dtáirgeadh fíona le ATFC Huși, is gá leasú a dhéanamh ar an tsonraíocht inar gá an nasc idir an limistéar geografach agus an táirge a thabhairt cothrom le dáta chun a áirithiú go gcomhlíonfar an reachtaíocht is infheidhme maidir le ATFC (sainmhíniú ar ainmniúchán tionscnaimh) agus chun tagairtí do na catagóirí nua a chur san áireamh.

Cuireadh mionsonraí an limistéir, na gcatagóirí fíona, na gné daonna agus na hidirghníomhaíochta cúisíche i gcrích.

Leasaíodh Caibidil II den tsonraíocht agus roinn 8 den doiciméad aonair.

3. *Tásc na gcineálacha fíniúna le haghaidh na gcatagóirí nua fíona atá le táirgeadh*

Forlíonadh an tsonraíocht le tásc ar na cineálacha fíona is féidir a úsáid chun na catagóirí fíona a iarrtar i limistéar ATFC a tháirgeadh (fíon súilíneach ar ardchaighdeán, fíon súilíneach aramatach ar ardchaighdeán agus fíon leathshúilíneach).

Leasaíodh Caibidil IV den tsonraíocht agus roinn 4, 5.2 agus 7 den doiciméad aonair.

4. *Na tréithe anailíseacha agus orgánaileipteacha a chur isteach le haghaidh fíon súilíneach ar ardchaighdeán, fíon súilíneach aramatach ar ardchaighdeán agus fíon leathshúilíneach*

Chun comhlíonadh na reachtaíochta maidir le ATFCanna a áirithiú, ní mór tréithe anailíseacha agus orgánaileipteacha na gcatagóirí nua fíona a iarrtar le haghaidh táirgthe i limistéar Huși a chur isteach leis an tsonraíocht táirge freisin.

Leasaíodh Caibidil XI den tSonraíocht Táirge agus Roinn 4 (pointí 4, 5 agus 6) den doiciméad aonair.

5. *Coinníollacha a chur isteach maidir le fíonta a mhargú*

Chun catagóirí nua fíona a tháirgeadh, ní mór an tSonraíocht Táirge a fhorlíonadh le coinníollacha áirithe a bhaineann le buidéalú/cur i láthair/lipéadú na gcatagóirí nua fíona a iarradh le haghaidh táirgthe faoi ATFC Huși agus le forálacha lipéadaithe áirithe a bhaineann le modhanna táirgthe le haghaidh na gcatagóirí nua fíona.

Leasaíodh Caibidil XII den tsonraíocht, gan aon athrú ar an doiciméad aonair.

6. *Forálacha a chur isteach maidir leis na fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán/fíonta súilíneacha aramatacha ar ardchaighdeán*

Leasaíodh an tSonraíocht Táirge chun coinníollacha áirithe a chur san áireamh maidir leis na fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán agus fíonta súilíneacha aramatacha ar ardchaighdeán, a aicmítear freisin de réir a méid siúcra.

Leasaíodh Caibidil XII den tsonraíocht, gan aon athrú ar an doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Huşi

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC — Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

6. Fíon súilíneach aramatach ar ardchaighdeán

8. Fíon leathshúilíneach

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

22 — DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 — Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

1. *Tréithe orgánaileipteacha - fíonta geala*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Dath: dath buí na tuí/buí domhain, glasbhuí, buí líomóide, scothghlas, órga.

Dea-bholadh: gnáth-dhea-bholadh, ar dea-bholaithe diana bláthanna fíniúna, bláth troim, citis ghlais, torthaíocha, blasanna mealbhacáin iad a thagann chun cinn le haois.

Cumhracht: úlla samhraidh, féar lomtha, beagáinín searbh, gnáthbholadh fíniúna faoi bhláth, mar aon le gnáthfhíneáltacht, dea-bholadh fíneálta fíonchaor atá ag aibiú, úlla úra, torthaí citris, bláthanna fiáine, agus i gcás fíonta aosaithe; féar lomtha, mil, torthaíoch, bláthanna acáise, imireacha ime úir, bláthacha, aigéadacht chothromaithe, sainbhlasanna túise agus basal.

Blas: beagáinín aigéadach, bríomhar, torthaíoch, cruinn, iarbhlas taitneamhach, dea-bholadh bláthanna fiáine, agus i gcás fíonta aosaithe, féar lomtha, mil, torthaíoch, iarbhlas beagáinín searbh.

(Grasă de Cotnari, Muscadelle, Semillon, Riesling de Rhin - cineálacha aramatacha agus leath-aramatacha a bhfuil luachanna aramatacha os cionn an mheáin acu a bhféadfadh carnadh dea-bholaithe nó siúcraí a bheith mar thoradh orthu.)

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): 15,00

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 10,5

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 18

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 200

2. *Tréithe orgánaileipteacha - fíonta dearga*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Dath: dath an rúibín, dath an ghairnéid, dearg liathchorcra, dearg geal/dúdhearg.

Cumhracht: dea-bholadh silíní, sútha talún, silíní searbha, ruainníní prúnaí, tathagach. Dea-bholadh: cuiríní dearga, mónóga, sméara dubha, cumhracht bhláthach, peiteal róis agus basal.

Blas: tainneach, dea-bholadh de thorthaí foraoise aibí, silíní searbha, mín, blas tréan luibhe, ruainníní prúnaí.

(Syrah, Zweigelt, Sangiovese, Nebbiolo, Barbera: cineálacha ina bhfuil carnadh méadaithe tainniní daite agus tiúchan chomhchosúil dá gcarachtar aramatach, is dócha mar gheall ar an athrú aeráide sa limistéar le blianta beaga anuas.)

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): 15,00

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 10,50

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 20

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 150

3. *Tréithe orgánaileipteacha na bhfíonta súilíneacha ar ardchaighdeán*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Fíonta geala — is féidir imireacha éagsúla idir glasbhán agus buí órga a bheith ar dhath na bhfíonta geala sin. Dea-bholaithe bláthacha atá bainteach le torthaí bána agus citris, le blasanna léiritheacha piorraí aibí, meala acáise, dea-bholadh casta torthaí buí criostalaithe, meala agus brioche le haghaidh fíonta a fhaightear trí choipeadh buidéal. Bíonn siad leachtach, agus bíonn blasanna uachtarúla, marthanacha orthu sa bhéal agus bíonn aigéadacht ard acu. Cuireann cúr marthanach agus bolgáin mhíne fadmharthanacha le blasanna aramatacha na bhfíonta.

Fíonta rosé — imireacha idir bándearg éadrom agus fíor-bhándearg agus miondifríochtaí corcra míne. Blasanna aramatacha ina bhfuil torthaí dearga- sútha talún agus torthaí citris buí den chuid is mó, a bhféadfadh saintréithe bláthacha fíneálta a bheith iontu freisin (piaine, duilleoga sáiste, basal). Bíonn blas torthaíoch orthu, chomh maith le marthanacht mhaith agus iarbhlas aigéadach. Cúr marthanach, bolgán mín.

Brú barrachais sa bhuidéal ag 20 °C: 3,5 barra ar a laghad.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): 15,00

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 10,50

— Aigéadacht iomlán íosta: 5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 18

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 185

4. *Tréithe orgánaileipteacha na bhfíonta súilíneacha ar ardchaighdeán*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Fíonta dearga — d'fhéadfadh imireacha ó dhath an rúibín go dath corcra-dearg a bheith ar dhath na bhfíonta sin. Blasanna aramatacha ina bhfuil torthaí dearga aibí (cuiríní agus silíní dubha) den chuid is mó, ar féidir iad a chomhlánú le blasanna gallchnónna rósta agus cnónna coill, spíosraí. Bíonn an blas feolmhar, torthaíoch, agus bíonn marthanacht mhaith agus iarbhlas aigéadach ann. Cúr nach bhfuil an-fhlúirseach, bolgán mín marthanach.

Brú barrachais sa bhuidéal ag 20 °C: 3,5 barra ar a laghad.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): 15,00

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 10,50

— Aigéadacht iomlán íosta: 5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 20

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 150

5. *Tréithe orgánaileipteacha - fíonta súilíneacha aramatacha ar ardchaighdeán*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Fíonta geala — dath idir dath buí na tuí le himireacha scothghlasa agus imireacha glasbhuí le himireacha órga. Dea-bholadh — muscat, ruainníní basal, rósanna, féar atá díreach bainte. Blas úr, deas agus bríomhar, blasanna de thorthaí bána — piorraí, fíonchaor úr, agus cothromaíocht mhaith idir milis agus aigéadach. Cúr flúirseach, fadmharthanach agus dea-bholgán.

Fíonta rosé — dath bándearg éadrom agus imireacha corcra beaga úra. Dea-bholadh le ruainníní torthaí dearga — sútha talún fiáine, sútha talún, torthaí citris, seadóga, arna gcomhlánú le blasanna bláthacha róis, bláthanna fiáine, basal, túise. Blas úr, glan arb é is saintréith dó miondifríochtaí de thorthaí trópaiceacha aibí, agus cothromaíocht idir milis agus aigéadach. Cúr flúirseach, fadmharthanach agus bolgán dian.

Brú barrachais ag 20 °C: 3 bharra ar a laghad.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): 10,00

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 6,00

— Aigéadacht iomlán íosta: 5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 18

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 185

6. *Tréithe orgánaileipteacha fíona leathshúilínigh*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Fíonta leathshúilíneacha — imireacha éagsúla idir glasbhán agus buí órga, bándearg éadrom go himireacha de bhándearg dian nó dath an rúibín go corcra-dearg. Dea-bholaithe bláthacha atá bainteach le torthaí a bhfuil bia bán iontu — piorraí, úlla agus torthaí citris (seadóga), mil acáise, torthaí dearga (sútha talún, silíní), bláthanna fíneálta (luibheanna aramatacha, basal), torthaí dearga aibí (cuiríní, silíní dubha, plumaí), arna gcomhlánú le blasanna gallchnónna agus cnónna coill rósta, spíosraí.

Blas — bíonn na fíonta úr, marthanach sa bhéal, agus bíonn aigéadacht ard acu, bíonn siad torthaíoch agus bíonn marthanacht mhaith, iarbhlas aigéadach acu, bíonn cúr flúirseach nó measartha agus bolgáin mheánmharthanacha acu a chuireann le blasanna aramatacha na bhfíonta.

Tá an brú barrachais ag 20 °C idir 1 agus 2,5 barra.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): 15,00

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 7,00

— Aigéadacht iomlán íosta: 5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 20

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 150

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. Cleachtais saothraithe

Cleachtas saothraithe

3 000 planda/ha ar a laghad (nó 75 % plandaí ar a laghad, i gcomparáid leis an bhfíonghort réamh-mheasta)

Ní cheadaítear uisciú ach amháin le linn blianta triomaigh/dálaí aimsire neamhfhabhracha agus le fógra ONVPV (Oifig Náisiúnta Fíniúna agus Fíona), agus na caighdeáin uiscithe is fearr is féidir á gcur i bhfeidhm chun acmhainneacht fáis plandaí agus cáilíocht shonrach a áirithiú.

Glasbhuaint — laghdú a dhéanamh ar an líon braislí fíonchaor ag tús an aibithe nuair a sháraíonn an uastáirgeacht inbhuanaithe na huasteorainneacha a cheadaítear faoin tSonraíocht Táirge.

2. Táirgeadh na bhfíonta

Srian ábhartha ar dhéanamh na bhfíonta

I ndálaí aeráide áirithe, a mbíonn tionchar dearfach acu, in éineacht le hacmhainneacht cineálacha áirithe, ar an táirgeacht ar phlandálacha sa limistéar críochaithe, is féidir fíonta lena ngabhann ATFC Huși a phróiseáil lasmuigh den limistéar críochaithe freisin, sa limistéar in aice láimhe san áit ina ngabhann an acmhainn is fearr leis na hionaid fíona.

Is éard atá sa limistéar comharsanach atá ainmnithe chun na críche sin (i gcomhair fíonóireacht thapa, coipeadh ag teocht rialaithe, acmhainneacht aramatach cineálacha áirithe a chaomhnú lena n-áirítear Fetească regală, Sauvignon, Muscat Ottonel, Tămâioasă românească, Busuioacă de Bohotin) na bailte agus na sráidbhailte seo a leanas i gContae Vrancea:

— Panciu, Movilița;

— Odobești, Unirea, Jariștea, Bolotești;

— Obrejița, Tâmboiești, Popești, Budești, Cârligele, Vârteșcoiu, Câmpineanca.

3. Táirgeadh fíona ghil nó fíona *rosé*

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Is féidir fíonta geala agus fíonta *rosé* a fháil ó chineálacha Pinot gris agus Traminer roz, ag brath ar roghanna an táirgeora, trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí a chaomhnaíonn cáilíocht ATFC na bhfíonchaor agus na bhfíonta a tháirgtear ó na cineálacha sin.

5.2. *Uastáirgeacht*

1. Cineálacha Aligoté, Fetească Regală, Zghihară de Huși, Crâmpoșie Selecționată, Francușă, Plăvaie, Donaris, Grasă de Cotnari

16 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

2. Cineálacha Riesling na hIodáile, Semillon, Băbească Gri, Codană, Portugais Bleu

16 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

3. Cineálacha Riesling de Rhin, Muscadelle, Fetească Albă, Chardonnay, Aromat de Iași, Syrah, Sangiovese, Nebbiolo, Barbera

15 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

4. Cineálacha Muscat Ottonel, Sauvignon, Pinot Gris, Tămâioasă Românească, Șarba, Traminer roz, Busuioacă de Bohotin, Merlot, Zweigelt

13 500 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

5. Cineálacha Cabernet Sauvignon, Fetească Neagră, Pinot Noir, Negru Aromat, Băbească Neagră

12 600 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

6. Cineálacha geala agus *rosé* Aligoté, Fetească Regală, Zghihară de Huși, Crâmpoșie Selecționată, Francușă, Plăvaie

123 heictilítear in aghaidh an heicteáir

7. Cineálacha geala agus *rosé* Grasă de Cotnari, Donaris, Riesling Iodáilis, Semillon, Băbească Gri, Codană, Portugais Bleu

123 heictilítear in aghaidh an heicteáir

8. Cineálacha dearga Codană, Portugais bleu

119 heictilítear in aghaidh an heicteáir

9. Cineálacha geala agus *rosé* Riesling de Rhin, Muscadelle, Fetească Albă, Chardonnay, Aromat de Iași

115 heictilítear in aghaidh an heicteáir

10. Cineálacha dearga Syrah, Sangiovese, Nebbiolo, Barbera

111 heictilítear in aghaidh an heicteáir

11. Cineálacha geala agus *rosé* Muscat Ottonel, Sauvignon, Pinot Gris, Tămâioasă românească, Șarba, Traminer roz

104 heictilítear in aghaidh an heicteáir

12. Cineálacha dearga Busuioacă de Bohotin, Merlot, Zweigelt

100 heictilítear in aghaidh an heicteáir

13. Cineálacha *rosé* Cabernet Sauvignon, Fetească Neagră, Pinot Noir, Negru Aromat, Băbească Neagră

97 heictilítear in aghaidh an heicteáir

14. Cineálacha dearga Cabernet Sauvignon, Fetească Neagră, Pinot Noir, Negru Aromat, Băbească Neagră

93 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Maidir leis an limistéar atá críochaithe chun fíonta a tháirgeadh a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh cláraithe 'Huși' orthu, féadfaidh fo-ainmniúcháin a bheith san áireamh ann agus tá sé suite sna limistéir seo a leanas de Chontae Vaslui:

Ainmniúchán 'HUŞI'

— Baile Huși;

— Bardas Duda-Epureni, sráidbhailte Epureni agus Duda;

— Bardas Pădureni, sráidbhailte Pădureni, Văleni, Leorti, Ivănerti agus Rusca;

— Bardas Tătărăni, sráidbhailte Tătărăni, Crăsnășeni, Bălțați agus Manțu;

— Bardas Stănilești, sráidbhailte Stănilești agus Pogănești;

— Bardas Buneşti-Avereşti, sráidbhailte Buneşti, Avereşti, Armășeni, Tăbălăeşti agus Plopi;

— Bardas Arsura, sráidbhailte Arsura, Fundătura agus Pâhnești;

— Bardas Drânceni, sráidbhailte Drânceni, Ghermănești agus Râșești;

— Bardas Boțești, sráidbhailte Boțești agus Gugeşti;

— Bardas Banca, sráidbhailte Banca, Stoișești, Sârbi agus Țifu;

— Bardas Fălciu, sráidbhailte Fălciu, Bozia, Copăceana agus Rânzești;

— Bardas Blăgești, sráidbhailte Blăgești agus Igești.

Fo-ainmniúchán 'VUTCANI':

— Bardas Vutcani, sráidbhailte Vutcani agus Mălăiești;

— Bardas Roșiești, sráidbhailte Roșiești, Gara Roșiești agus Valea lui Darie;

— Bardas Şuletea, sráidbhailte Şuletea, Râşcani agus Fedeşti

— Bardas Epureni, sráidbhaile Horga;

— Bardas Berezeni, sráidbhailte Berezeni, Rânceni agus Mușata.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

Aligoté B – Plant de trois, Plant gris, Vert blanc, Troyen blanc

Aromat de Iași B

Barbera N

Busuioacă de Bohotin Rs – Schwarzer Muscat, Muscat fioletovîi, Muscat violet cyperus, Muscat rouge de Frontignan

Babeasca gri G

Băbească neagră N - Grossmuttertraube, Hexentraube, Crăcana, Rară neagră, Căldăruşă, Serecsia

Cabernet Sauvignon N - Petit Vidure, Burdeos tinto

Chardonnay B - Gentil blanc, Pinot blanc Chardonnay

Codană N

Crâmpoşie selecționată B

Donaris B

Fetească albă B - Păsărească albă, Poama fetei, Mädchentraube, Leanyka, Leanka

Fetească neagră N - Schwarze Mädchentraube, Poama fetei neagră, Păsărească neagră, Coada rândunicii

Fetească regală B - Königliche Mädchentraube, Königsast, Kiralyleanka, Dănășană, Galbenă de Ardeal

Frâncuşă B - Vinoasă, Mildweisser, Mustoasă de Moldova, Poamă creață

Grasă de Cotnari B - Dicktraube, Grasă, Köver szölö

Merlot N – Bigney rouge, Plant Medoc

Muscadelle B - Moscatello bianco, Mouscadet doux

Muscat Ottonel B - Muscat Ottonel blanc

Nebbiolo N

Negru Aromat N

Pinot Gris G – Affumé, Grauer Burgunder, Grauburgunder, Grauer Mönch, Pinot cendré, Pinot Grigio, Ruländer

Pinot noir N - Blauer Spätburgunder, Blauer Burgunder, Burgund mic, Burgunder roter, Klävner Morillon Noir

Pinot noir N - Spätburgunder, Pinot nero

Plăvaie B - Bălană, Plăvană, Poamă bălaie

Portugais Bleu N - Blauer Portugieser, Oporto, Portugieser

Riesling de Rhin B - Weisser Riesling, White Riesling, Riesling Renano, Rheinriesling

Riesling italian B - Olasz Riesling, Olaszriesling, Welschriesling

Sangiovese N - Brunello di Montalcino, Morellino

Sauvignon B - Sauvignon blanc

Syrah N - Shiraz, Petit Syrah

Sémillon B - Semillon blanc

Traminer Roz Rs - Rosetraminer, Savagnin Rose, Gewürztraminer

Tămâioasă românească B - Busuioacă de Moldova, Muscat blanc à petit grains

Tămâioasă românească B - Rumänische Weihrauchtraube, Tamianka, Tămâioasă albă de Drăgășani

Zghihară de Huși B - Zghihară, Zghihară galbenă, Zghihară verde bătută

Zweigelt N - Blauerzweigelt, Negru de Zweigelt, Zweigelt blau

Şarba B

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

8.1. *Mionsonraí an limistéir gheografaigh*

Cruthaítear cumhdach atá éagsúil ó thaobh na típeolaíochta de leis an tsubstráit liteolaíoch. Is féidir criostacht airde a thabhairt faoi deara i ndáileadh na hithreach, ó mhollasail na steipe agus na steipe foraoise go dtí ithreacha cré-ghláracha chiseal na foraoise. Maidir leis na hithreacha is forleithne i Logán Huși, seornaiseom caimbeach agus ithir liath, is iad na hithreacha is luachmhaire do na fíonghoirt iad toisc go gcuirtear feabhas ar shaintréithe fisiciúla na bhfíonghort lena n-uigeacht ghainmheach/dhúrabhánach mar aon lena n-airíonna bunúsacha bithcheimiceacha: dianghníomhaíocht bhitheolaíoch, cion húmais nach beag, ardacmhainn malartaithe caitiain, imoibriú idir neodrach agus beagáinín aigéadach, sáithiú ard bunanna agus cothaitheach.

Cruthaítear an rilíf le sraith cnoc cruinn leathan ar an áis thiar thuaidh - thoir theas. Tá treoshuíomhanna, saintréithe moirfeolaíocha agus grádáin dhifriúla ag na cnoic. Sa limistéar fíonsaothrúcháin sin, tugtar fo-aonaid éagsúla le chéile: limistéar cnocach amháin ar airde thart ar 300 m agus limistéar bunchnoic níos ísle ag a bhfuil meánairde 150 m. Tá treoshuíomhanna difriúla, saintréithe moirfeolaíocha difriúla agus grádáin dhifriúla ag na cnoic agus sin an cúlra atá ag roinnt de na fíonghoirt sa limistéar.

Tá cnoic arda ar an taobh ó dheas, ar an taobh thiar agus ar an taobh ó thuaidh de logán Huși agus tá gleann Prut ar an taobh thoir de, agus is ann atá os cionn 70 % d'fhíonghoirt an limistéir. Tá gleannta idir na cnoic sa réigiún agus tosaíonn na gleannta ar an machaire cósta ar a bhfuil cnoic, ar gleannta iad a bhfuil fánaí beagáinín neamhshiméadrach iontu, agus cruthaítear slabhra logán leo (Voloseni, Huși, Epureni, Novaci, Diuca, Fundătura, Arsura, Ghermănești) arb iad na limistéir fíonsaothrúcháin is luachmhaire iad, in éineacht leis na cnoic níos airde sa logáin.

Aeráid mheasartha ilchríochach atá sa limistéar, tá gnéithe d'aeráid mheasartha ilchríochach sna cnoic agus tá aeráid heimeabhóireach i logán Huși.

Thart ar 120 kcal/cm^2/sa bhliain a bhíonn i gceist le hionradantas gréine domhanda, agus is é meánfhad na gréine in aghaidh na bliana 2 000 uair an chloig ar chnoic arda agus os cionn 2 100 uair an chloig i Logán Huși agus i ngleann Prut. I bhfianaise na meánluachanna bliantúla radantacha agus teirmeacha gréine, tá sé tugtha dár n-aire againn go bhfanann siad ard le linn an tséasúir fáis, rud atá théann chun tairbhe d'fhorbairt agus aibiú na bhfíonchaor.

Gaoth aniar, aniar aduaidh agus aduaidh is mó a bhíonn le brath agus is iad na cineálacha gaoithe sin, le chéile, a bhíonn in os cionn 60 % den ghaoth in aghaidh na bliana, bíonn saintréithe Föhn inti nuair a shéideann sí síos fánaí na gcnoc chuig an logán. Bíonn níos mó seaca ann nuair a thagann an ghaoth anoir aduaidh, go háirithe an Crivăț, agus bíonn an ghaoth anoir agus an ghaoth anoir aneas te agus tirim sa samhradh, rud a chuireann leis an triomach, agus bíonn an dá ghaoth sin le brath go mór i logán Huși agus ar thuilemhá Prut araon.

Tá dhá phríomhabhainn sa líonra hidreagrafach a sileann uisce an bhaile isteach iontu: an Drăslăvăț sa deisceart agus an Răiești sa tuaisceart, a snínonn an Turbata agus an Șara isteach inti. Snínonn an dá abhainn isteach ina chéile san oirthear agus tugtar abhainn Huși ar an abhainn nua a chruthaítear astu. Tá saintréithe hidreagrafacha folcmhara i srutháin Drăslăvăț agus Răiești. San earrach, nuair a bhíonn an sneachta ag leá go tapa mar thoradh ar theochtaí méadaithe, nó tar éis báisteach an-trom go deo sa samhradh, iompraíonn na sruthanna méideanna móra uisce, agus iad ag cur thar bruach uaireanta.

Bíonn na fíonta a tháirgtear sa limistéar sin idir tirim agus milis agus is fíonta geala, fíonta *rosé* nó fíonta dearga iad. De ghnáth, is fíonta éadroma iad, nach bhfuil ró-eastósach, ina bhfuil cion alcóil measartha, agus iad beagáinín aigéadach i dtuaisceart an limistéir ach is i limistéar Averești a tháirgtear na fíonta ag a bhfuil an aigéadacht is mó, agus sa limistéar sin is féidir aigéadacht nádúrtha 11-12 ghram d'aigéad tartarach in aghaidh an lítir a bheith ann i mblianta áirithe, rud a fhágann go bhfuil an limistéar sin iontach chun fíonta súilíneacha a tháirgeadh.

Bíonn dath éadrom ar fhíonta dearga i dtuaisceart an limistéir agus bíonn dathanna tréana orthu sa deisceart.

Bhí na chéad doiciméid scríofa a thagraíonn d'fhíonghoirt sna limistéir ina bhfuil fíonghoirt an lae inniu suite ann roimh an gcéad taifead ina n-ainmnítear baile Huși. I ngníomh de chuid Alastar Maith in 1415, leagtar amach teorainneacha an tsean-fhíonghoirt. I ndoiciméad eile dar dáta mí Lúnasa 1436, léirítear go raibh fáschoillte fíniúna i limistéir fíonsaothrúcháin Epureni - Pâhnești - Huși. De réir doiciméad ón am sin, rinneadh fíniúna a phlandú go tréan i bhfíonghoirt Saca agus Ochi idir 1600 agus 1662; ba leis an tiarna áitiúil fíniúna Huși.

Tá seantaifid le fáil ar shárcháilíocht na bhfíonta ó Huși, taifid a scríobh taistealaithe ón gcoigríoch sa Mholdáiv sa Mheánaois, go háirithe Marco Bandinus in 1646: 'Táirgtear fíon an-bhlasta agus cumhra a bhfuil an-tóir air in Huși, ar seanlonnaíocht é ina bhfuil fíonghoirt de chuid na Moldáive'. Scríobh an cartagrafaí cáiliúil Dimitrie Canetmir, a rugadh i sráidbhaile Silișteni gar do Huși (athainmníodh an sráidbhaile ó shin in ómós dó) in 'Descriptio Moldaviae' 'go ndéantar an fíon is fearr in Cotnari agus go bhfuil fíon Huși sa dara háit i ndiaidh fíon Cotnari'.

8.2. *Mionsonraí faoi thosca daonna*

Déantar saothrú fíniúnacha i limistéar DOC Huși ar threilísiú ingearach, le prúnáil agus oiliúint guyot agus tródam déthaobhach sporphrúnáilte, ag brath ar shuíomh na ndáileachtaí talún agus ar shaoráidí chun oibríochtaí cothabhála a dhéanamh, agus paraiméadair tháirgiúla agus fhíoneolaíocha araon á gcur san áireamh.

Tá dlús íosta 3 500 planda/ha ag fíonghoirt ina bhfaightear fíonchaora le haghaidh fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán, fíonta leathshúilíneacha agus fíonta súilíneacha aramatacha ar ardchaighdeán ar a bhfuil DOC Huși agus tá a n-íonacht níos mó ná 95 %. Tá ualach na dtorthaí teoranta do 28 dtriopall inmharthana in aghaidh an phlanda. Áirithítear leis an rialachán maidir le táirgeadh fíonchaor agus bainistiú ceart ballaí duilleog carnadh optamach na gcomhdhúl polaifeanólach a theastaíonn ó na bunfhíonta le haghaidh fíonta súilíneacha rosé ar ardchaighdeán.

Déantar na fíonchaora a phróiseáil de réir cineáil, ag íonacht 100 %, agus cruthaítear aon chumasc ansin nuair a ullmhaítear na baisceanna tirage. Bainistíonn déantóirí fíona an limistéir próiseas cumaisc trí bheith ag brath ar an taithí atá faighte acu ó fhíonóireacht ar leithligh na gcineálacha. Tá na cumaisc comhdhéanta de scil iontach, agus na cineálacha agus bliain an fhíona á gcur san áireamh chun méid áirithe comhsheasmhachta idir aigéadacht agus blas torthaíoch na bhfíonta a áirithiú. Trí shláine na bhfíonchaor a chaomhnú, díreach tar éis na buainte agus le linn iompair, ráthaítear soiléireacht na n-úrfhíonta.

Tá suilfítiú teoranta fíor-riachtanach chun dea-chaighdeán an choipthe thánaistigh a áirithiú. Déantar an bhuaint go han-chúramach chun ocsaídiú na húrfhíona a sheachaint idir an bhuaint agus an fáscadh.

Trí fhíonchaora iomlána a úsáid, trí úrfhíon a tháirgtear le linn iompair a bhaint, trí láimhseáil chúramach a dhéanamh, trí bhrú i dtimpeallacht ghlan le trealamh oiriúnach agus de réir rialacha lena sainítear cóimheas beacht idir meáchan na buainte próiseáilte agus méid an úrfhíona a eastósctar, ráthaítear cáilíocht agus soiléireacht an úrfhíona a fhaightear, cumasaítear eastóscadh bog lena gcaomhnaítear fíneáltacht na ndea-bholaithe, agus cruthaítear fíonta a bhfuil dath glan geal orthu. Trí fhíonta a aosú ar mhoirt, tugtar dea-bholaithe treasacha dóibh a chuireann lena gcastacht.

Tarlaíonn coipeadh tánaisteach i mbuidéil in áitribh nuachóirithe faoi thalamh i ndálaí comhshaoil rialaithe, ar bhealach lena n-áirithítear go bhfuil na paraiméadair choipthe seasmhach agus, dá bhrí sin, go ndéantar cáilíocht na bhfíonta a fhaightear trí úsáid a bhaint as an modh traidisiúnta a mhacasamhlú go cruinn.

8.3. *Sonraí faoin táirge*

Fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán — imireacha éagsúla idir glasbhán agus buí órga, imireacha de bhándearg éadrom go himireacha de bhándearg dian le miondifríochtaí corcairghorma, ruainníní de dhath an rúibín, corcra-dearg.

Dea-bholaithe bláthacha atá bainteach le torthaí bána agus citris, piorraí aibí, mil acáise, dea-bholadh casta de thorthaí buí criostalaithe, mil agus brioche i bhfíonta a fhaightear trí choipeadh i mbuidéal, blasanna ina bhfuil torthaí dearga (sú talún) agus torthaí citris buí, bláthanna (piaine, duilleoga sáiste, basal), nó torthaí dearga aibí (cuiríní, silíní dubha) chun tosaigh, ar féidir iad a chomhlánú le blasanna gallchnó, cnónna coill rósta, tarsainn nó blasanna spíosracha.

Blas — fíonta leachtacha, uachtarúla, atá marthanach ó thaobh blais de agus a bhfuil aigéadacht ard acu, blas torthaí orthu le marthanacht mhaith agus iarbhlas aigéadach i bhfíonta rosé, uaireanta le miondifríocht beagán bia i bhfíonta dearga.

Fíonta súilíneacha aramatacha ar ardchaighdeán — ó dhath buí na tuí le himireacha scothghlasa go glasbhuí le himireacha órga, nó bándearg éadrom le himireacha corcra beaga úra.

Dea-bholadh muscat, ruainníní basal, róis, féar atá díreach bainte, ruainníní torthaí dearga (sútha talún fiáine, sútha talún, citreas, seadóga), blasanna bláthanna róis, basal, túise, bláthanna fiáine.

Blas úr bríomhar, blasanna de thorthaí bána — piorraí, fíonchaora úra, agus cothromaíocht mhaith idir milis agus aigéadach, glan, agus miondifríochtaí de thorthaí trópaiceacha aibí mar shaintréith acu. Cúr flúirseach agus fadmharthanach agus bolgán maith, dian.

Fíonta leathshúilíneacha — imireacha éagsúla idir glasbhán agus buí órga, bándearg éadrom go himireacha de bhándearg dian nó dath an rúibín go corcra-dearg. Dea-bholaithe bláthacha, torthaí a bhfuil bia bán iontu — piorraí, úlla agus torthaí citris (seadóga), mil acáise, torthaí dearga (sútha talún, silíní), citreas, bláthanna fíneálta (luibheanna aramatacha, basal), torthaí dearga aibí (cuiríní, silíní dubha, plumaí), gallchnónna agus cnónna coill rósta.

Ó thaobh blais de, bíonn siad úr, marthanach sa bhéal, agus bíonn aigéadacht ard acu, bíonn siad torthaíoch agus bíonn marthanacht mhaith, iarbhlas aigéadach acu, bíonn siad flúirseach nó bíonn cúr measartha agus bolgáin mhaithe mheánmharthanacha acu a chuireann le blasanna aramatacha na bhfíonta.

Bíonn dath buí na tuí, dath buí líomóide éadrom go buí órga ar fhíonta geala socra agus dath glas ag teacht orthu, agus iad oscailte do dhea-bholaithe tánaisteacha seasmaine, finéil agus dea-bholaithe príomha úill ghlais, spíonán (Zghihară de Huși), dea-bholaithe torthaí agus luibheolaíocha, dea-bholaithe diana basal thriomaithe agus seadóga bándearga (Busuioacă de Bohotin), blasanna bláthanna agus aigéadacht ard a chomhlánaíonn an blas iomlán úr go maith.

Sa bhéal, bíonn blas torthaí chun tosaigh, le blasanna de thorthaí bána (piorraí, aibreoga) agus de pheitil róis freisin, nó blasanna beagán spíosrach, plumaí miribéil aibí, agus blasanna fíneálta de ghearrthóga fíniúna (Sauvignon). Bíonn blasanna úll atá aigéadach agus úr san iarbhlas den chuid is mó agus d'fhéadfadh blasanna glana a bheith ann freisin nuair a dhéantar iad a fhíonú i leath-thirim.

Maidir leis an mboladh, is léir go bhfuil déine, úire, blasanna seasmaine, bláthanna goirt, fíniúnacha, acáise ann agus chomh maith leis sin úlla glasa agus craiceann líomóide, uigeacht bhog a eascraíonn as an gcothromaíocht idir aigéadacht, alcól agus blas milseachta fáiltithe, le dea-bholaithe seadóige, líoma agus bláthanna móinéir, agus iarbhlas cainche, rísíní agus úll buí (Fetească albă, Fetească regală).

Bíonn dath dian dearg an rúibín, dúdhearg agus imireacha ar dhath an rúibín ar fhíonta dearga socra.

Sa bhéal, tá na fíonta flaithiúil agus tainneach, rud a thugann castacht agus seirbhe thaitneamhach dóibh, le dea-bholaithe úra, torthaíocha de sméara dubha, cuiríní dubha, miontas agus piobair dhearga (Cabernet Sauvignon), le tathag úr agus bog agus iarbhlas measartha a chuireann cothromaíocht ar fáil.

Tá dea-bholaithe casta plumaí, suibhe plumaí agus compóite silíní orthu, le miondifríochtaí cúlra míne deataigh. Tá an uigeacht mín, agus is torthaí foraoise dearga agus silíní dubha (Fetească neagră) is mó a bhíonn i mblasanna ainmhíne.

Maidir leis an mboladh, tá dea-bholaithe boga spíosra agus féir orthu, agus is minic a chomhlánaítear iad le silíní searbha, silíní agus sútha craobh (Cabernet Sauvignon) agus le ruainnín piobair bháin.

Bíonn dath bándearg éadrom, bándearg an bhradáin nó bándearg geal uaireanta ar na fíonta rosé socra.

Is é an blas is mó atá ann ná blas torthaí bána, le dea-bholaithe diana basal, peitil róis, seadóige, beagán spíosrach, agus blasanna úra cuiríní dearga, mónóg, sútha talún fiáine mar aon le dea-bholaithe sútha craobh agus sútha talún aibí. Tá an t-iarbhlas deas agus torthaíoch le braistint úire agus cothromaíochta, agus aigéadacht shonrach foirfe. Maidir leis an mboladh, tá dea-bholaithe dea-shainithe silíní agus cuiríní, arna bhforlíonadh le citreas aibí agus blasanna fíneálta bláthanna móinéir measctha le torthaí foraoise (sméara dubha, sútha talún fiáine).

8.4. *Idirghníomhaíocht chúisíoch idir an limistéar agus an táirge*

Táirgtear raon leathan fíonta sa limistéar seo, ó fhíonta tirime go fíonta milse, geala, rosé nó dearga. Mar sin féin, is grúpa sách dea-shainithe iad laistigh de phailéad fhíonta na Rómáine. De ghnáth, is fíonta éadroma iad, nach bhfuil ró-eastósach, ina bhfuil cion alcóil measartha, agus iad beagáinín aigéadach i dtuaisceart an limistéir ach is i limistéar Averești a tháirgtear na fíonta ag a bhfuil an aigéadacht is mó, agus sa limistéar sin is féidir aigéadacht nádúrtha 11-12 ghram d'aigéad tartarach in aghaidh an lítir a bheith ann i mblianta áirithe, rud a fhágann go bhfuil an limistéar sin iontach chun fíonta súilíneacha a tháirgeadh. Bíonn dath éadrom ar fhíonta dearga i dtuaisceart an fhíonghoirt agus bíonn dathanna tréana orthu i ndeisceart an fhíonghoirt. Tá cáilíocht na bhfíonta ó fholimistéar ainmnithe 'Vutcani' cosúil leo siúd a fhaightear i limistéar DOC Dealu Bujorului.

Tugann saintréithe na gcineálacha i limistéar Huși tréithe do na fíonta amhail aigéadacht an-ard, rud atá tábhachtach chun na bunfhíonta a tháirgeadh le haghaidh fíonta súilíneacha. Tugann siad tathag agus struchtúr freisin d'fhíonta súilíneacha ar ardchaighdeán agus d'fhíonta leathshúilíneacha araon.

I bhfianaise mhéid an limistéir, is féidir le dálaí ithreach, aeráide agus comhshaoil limistéar ATFC Huși ligean do na fíonchaora aibiú go leordhóthanach chun an bunfhíon a tháirgeadh le haghaidh fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán, fíonta súilíneacha aramatacha ar ardchaighdeán agus fíonta leathshúilíneacha, leis an rogha is fearr d'am buainte.

Faightear na dálaí is fearr chun fíonta súilíneacha a tháirgeadh ag airdí níos ísle, suas le 200 m agus le nochtadh nach bhfuil chomh fabhrach céanna, ar fhánaí atá nochta don oirthuaisceart; saintréith de na fíonta sin is ea tiúchan alcóil níos measartha, níl siad an-eastóscach, agus tá aigéadacht idir measartha agus ard acu, blas deas orthu, cúr mín marthanach acu (limistéar Bunești-Averești).

Leis an difríocht sa teocht idir oíche agus lá, in éineacht le sreabhadh an aeir a thagann anuas ó na fánaí is airde, cabhraítear le comhdhúile aramatacha áirithe a shintéisiú agus a chaomhnú; is fíor é sin go háirithe i gcás fánaí ag airde íseal go meánairde san áit is mó ina mbíonn difríocht idir teocht an lae agus teocht na hoíche. Cuidíonn sé sin le blasanna príomhúla suntasach torthaí úill, piorra, péitseoige agus aibreoige a fháil a chaomhnaítear i bpróiseas fíonóireachta agus dá bhrí sin a áirithiú go bhfuil tréithe aramatacha ar leith ag na mbunfhíonta le haghaidh fíon súilíneach. Is féidir le hoícheanta measartha te cur ar chumas na ndea-bholaithe a bhaineann go sonrach leis na cineálacha carnadh go mall, rud a fhágann gur féidir fíonta a tháirgeadh a bhfuil cumhracht shaibhir acu agus blas sainiúil orthu atá ina chomhartha sóirt den chineál.

Dá bhrí sin, tá úire, aigéadacht agus déine aramatach fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán, fíonta súilíneacha aramatacha ar ardchaighdeán agus fíonta leathshúilíneacha mar thoradh ar an idirghníomhú idir an rilíf, an cineál ithreach agus an cineál fíniúna, in éineacht leis an traidisiún seanbhunaithe déanta fíona.

Buantar na fíonchaora atá beartaithe chun bunfhíonta a tháirgeadh le haghaidh fíonta súilíneacha go luath, roimh na fíonchaora sin le haghaidh fíonta socra, chun cothromaíocht cheart idir siúcraí agus aigéadacht a áirithiú, d'fhonn fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán den cháilíocht is fearr a tháirgeadh. Éilíonn na fíonta a fhaightear paraiméadair fhisiceimiceacha le luachanna atá cothrom, amhail an cóimheas aigéadachta/alcóil, agus saintréithe céadfacha lena n-áirithítear saintréith atá ina comhartha sóirt de na cineálacha a fhástar.

Tá an seornaiseoim láiste agus an chré liath atá ann ar fud codanna móra de limistéar Huși fabhrach d'fhíonghoirt (uigeacht ghainmheach/chréúil) mar gheall ar a mbuntréithe bithcheimiceacha (gníomhaíocht bhitheolaíoch, cion mór húmais, sáithiú ard bunanna agus cothaitheach).

Áirithíonn na hithreacha faeiseoim agus eutricambosol (donnithir) draenáil mhaith agus cúltaisce uisce ard sna fíonghoirt lena gcaomhnaítear, le linn an aibithe, na dálaí is gá le haghaidh chothromaíocht na ndea-bholaithe, go háirithe le haghaidh na ndea-bholaithe torthaíocha, a chuirtear i gcrích trí úire áirithe lán le fuinneamh ó thaobh bolaidh de a choinneáil ar bun.

Athraíonn ionradantas gréine domhanda go measartha idir 110 kcal/cm² in aghaidh na bliana ar fhánaí atá nochta de bheagán don ghrian agus 130 kcal/cm² in aghaidh na bliana ar fhánaí atá nochta níos fearr don ghrian, agus áirithítear leis na meán-uaireanta gréine grianrú aonfhoirmeach na gcnoc a bhfuil airde mhór acu, le thart ar 2 000 uair an chloig agus os cionn 2 100 uair an chloig i logcheantar Huşi.

Tá na meánluachanna bliantúla radantacha agus teirmeacha gréine fós ard le linn an tséasúir fáis, rud a fhágann gur féidir na fíonchaora a fhorbairt agus a aibiú go fabhrach. Cuireann líon beag uaireanta an chloig gréine nuair a thosaíonn na fíonchaora ag aibiú in éineacht le timthriall na sruthanna teo i nGleann Prut le foirmiú optamach substaintí aramatacha i bhfíonta socra geala agus rosé. Cuireann an difríocht idir teocht na hoíche agus teocht an lae le haghaidh fánaí atá suite ag airde íseal go meánach (tá logcheantar Huși ag airde 70-120 m) le sintéisiú agus caomhnú na gcomhdhúl aramatach a shainíonn na príomhbhlasanna torthaí atá suntasach agus úr de ghnáth (úlla, péitseoga, aibreoga agus seadóga). I gcás buaint dhéanach, nuair a bhíonn méid ard siúcra (240 g/l) ag na fíonchaora, fiú nuair a aibítear iad le linn tréimhse fhada, bíonn cothromaíocht aramatach sho-aitheanta ag na fíonta ó thaobh blais agus bolaidh de (Busuioacă de Bohotin).

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Tásc lipéadaithe

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ar na lipéid ar na fíonta, is féidir an t-ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint Huși a fhorlíonadh, ag brath ar leasanna na dtáirgeoirí, le ceann de na hainmneacha fíonghoirt aonair seo a leanas: DUDA-EPURENI, PĂDURENI, DEALUL LOHAN, DEALUL DOBRINA, DEALUL ȘARA, DEALUL OCHI, DEALUL GALBENA, DEALUL OGRADA, DEALUL PODGORIA, CERDACUL LUI VODĂ, DEALUL MĂNĂSTIRII, AVEREȘTI, PÎHNEȘTI, ARSURA, DEALUL DRAGALINA, DEALUL ROȘIORI, PODINA, ARMĂȘENI, DEALUL PRIBEASCA, BUNEȘTI, MOVILA LUI ANDREI, DEALUL CÂLCEA, COLINA MĂNĂSTIRII, LA SCHIT, DEALUL LUI MOȚOC.

Le haghaidh an ainmniúchán 'Huși-Vutcani', leis na hainmneacha fíonghort seo a leanas: VALEA LUI DARIE, DEALUL HERETEI.

Dálaí margaíochta

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Féadfar lipéadú fíonta a dhéanamh ar aon bhealach ar choinníoll go léirítear an fhaisnéis éigeantach sa réimse radhairc céanna. Níl an lipéad ná an frithlipéad éigeantach, féadfar lipéadú a dhéanamh i gcomhpháirt amháin nó níos mó, is féidir aon chruth a bheith ar na lipéid agus iad déanta as aon ábhar agus aon teicníc á húsáid.

Féadfar an téarma traidisiúnta a úsáid freisin sa lipéadú ar téarma é dá bhforáiltear sa reachtaíocht atá i bhfeidhm le haghaidh fíonta lena léirítear cáilíocht na buainte mar thoradh ar an méid siúcra tráth na buainte (nuair a bhíonn lobhadh uasal ar na fíonchaora).

Tásca a úsáidtear i gcur i láthair/lipéadú

Creat dlíthiúil:

I reachtaíocht an Aontais

An cineál coinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Féadfar roinnt tásc a thagraíonn do mhodhanna áirithe táirgthe a úsáid ar bhonn deonach, mar a leanas:

Féadfar na tásca ‘fermentat in barrique’ [coipthe i mbairillí], ‘maturat i mbarraic’ [aibithe i mbairillí] ‘fermentat în prezența aşchiilor de stejar’ [coipthe i láthair sliseanna darach] agus ‘maturat în prezența aşchiilor de stejar’ [aibithe i láthair sliseanna darach] a thaispeáint ar an lipéadú sa Rómáinis, nó féadfar téarmaí i dteangacha, ar téarmaí iad a úsáidtear go hidirnáisiúnta, a úsáid chun a chur in iúl don tomhaltóir go n-úsáidtear an próiseas sin, amhail aon cheann de na tásca seo a leanas:

— ‘fumé’ nó ‘deataithe’ nó ‘tóstáilte’ i nGaeilge, bíodh, nó ná bíodh, an téarma lena sainítear déine na cóireála teasa a chuirtear ar an adhmad darach a úsáidtear, i.e. ‘éadrom’, ‘meánach’ nó ‘trom’ ag gabháil leis.

— ‘fumé’ nó ‘fumée’ i bhFraincis, bíodh, nó ná bíodh, an téarma lena dtuairiscítear déine na cóireála teasa a chuirtear i bhfeidhm ar an adhmad darach a úsáidtear, i.e. ‘légère’, ‘moyenne’, ‘forte’ nó ‘petite fumé’, ‘demi fumé’, ‘intense fumé’.

Féadfaidh na tásca sin a bheith in aon teanga eile a úsáidtear go hidirnáisiúnta nó i dteanga na tíre ina bhfuil sé beartaithe an táirge fíona a mhargú má roghnaíonn an táirgeoir fíona amhlaidh, agus an tomhaltóir á chur ar an eolas faoi úsáid na gcleachtas a chuirtear i bhfeidhm ar fud an domhain chun fíonta a bhfuil saintréithe céadfacha ar leith acu a fháil.

Maidir le fíonta a aibítear nó a aosaítear ar an moirt, is féidir téarmaí amhail ‘sur lie’, ‘bâttonnage’ nó ‘aosaítear ar an moirt’ a bheith san áireamh ar an lipéad.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://www.onvpv.ro/sites/default/files/caiet_de_sarcini_doc_husi_modif_cf_cererii_uniune_356_19.02.2024_cf_notif_com_11.03.2025_no_track_changes.pdf